
# Téann Charlie go dtí Cóisir



## Ag tabhairt dea-shampla

RSA
Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority




Athchóiríodh an leabhar seo ón sraith 'Salman agus a chairde'

Ba maith leis an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre buíochas a ghabháil leis an gComhpháirtíocht Mhanchain um Laghdú Taismigh as a gcead chun an sraith 'Salman agus a chairde' a athchóiriú chun an comhthéacs Éireannach a fheiliúint.


Glacadh na hachmhainní go léir ó bhunábhar a sholáthar an Chomhpháirtíocht Mhanchain um Laghdú Taismigh.



# Simon agus a chairde





**Leabhair sa sraith**
Baintear geit as Simon
Picnic de chuid Josie
Téann Charlie go dtí cóisír
Turas Sara & Sophia go dtí an fheirm






Tá Charlie leamh. Tá sé ag súil le dul go dtí cóisir Shophia agus Shara.

Tá Mamaí an-ghnóthach agus iarrann sí ar a dheartháir níos sine, Jack, é a thógáil.




Deir Mamaí: "A Bhen, tá tú an-mhaith ag dul trasna bóithre, ach níl tú sean go leor chun aire a thabhairt do Charlie. Tá cabhair Jack ag teastáil uait."



Tá sceitimíní ar Charlie. Cuireann sé a bhróga air agus ritheann sé amach an doras.


Scairteann Ben: "STAD! Caithfidh tú greim a bhreith ar lámh Jack."

Deir Jack, "Tá sé fliuch taobh amuigh agus caithfimid cinnte a dhéanamh go bhfuil tú sábháilte agus sofheicthe. Caithfidh tú do veist ard-infheictheachta a chur ort, a Charlie!"





Tá sé fós ag cur báistí agus dá bharr sin cuireann siad go léir a gcochaill suas agus cuireann siad chun siúil.

Agus iad ag siúil, tagann said do dtí trasrian coisithe, agus feiceann Charlie a chara Josie ar an taobh eile den bhóthar.





Scaoileann Charlie lámh Jack agus croitheann sé lámh uirthi.

Deir Ben ina dhiaidh sin, "Deir Mamaí go gcaithfimid ár gcochaill a thógáil síos ionas gur féidir linn a fheiceáil má tá gluaisteán ar bith ag teacht."






Taispeáineann Ben do Charlie cad ba cheart dó a dhéanamh ag an trasrian coisithe.







Téann siad go léir trasna an bóthar agus buaileann siad le Josie agus a Mamaí. Tagann siad go dtí trasrian coisithe eile agus taispeáineann Charlie do Josie cad ba cheart dí a dhéanamh.



Brúnn siad ar an gcnaipe agus fánann said go dtí go dtagann an fear glas i láthair.

Ag an gcóisir, téann Charlie agus Josie chun a gcairde a fháil. Fágann Jack agus Ben Charlie chun spraoi a bheith aige.







Ar an mbealach abhaile, deir Jack, "Maith thú a Bhen, is foireann maith muid. Nuair atá tú sean go leor beidh tú in ann Charlie a thógáil i d'aonar."






# Téann Charlie go dtí cóisir – Gníomhaíochtaí sínidh

Bain sult as an leabhar seo le do pháiste. Is bealach maith iad leabhair chun gníomhaíochtaí agus eispéiris fhoghlama a spreagadh. Is féidir leat labhairt faoin scéal, faoi na pictiúir, agus faoi na carachtair. Spreag do pháistí chun ceisteanna a chur.

An féidir le do pháiste cabhrú leat chun an scéal a athinsint?

Is féidir leat an scéal seo a úsáid freisin chun labhairt faoi pointí um shábháilteacht bóithre mar shampla:

- Cé atá ag tabhairt dea-shampla sa scéal seo?
- Tá eolas ag Ben ar chonas an bothar a thrasnú. Cén fáth nach féidir leis Charlie a thógáil go dtí an cóisir ina aonar?
- Conas ar féidir dáinséir a bheith ann agus tú ag trasna an bóther le cochaill á chaitheamh ort?
- Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach chun veist ardinfheictheachta a chaitheamh?

## Gníomhaíochtaí eile le déanamh le do pháiste

**Imir Lean mo Cheannaire nó Deir Simon** chun do pháiste a spreagadh chun treoracha a leanúint agus aithris a dhéanamh ar dhea-iompar.

**Dearg le haghaidh Baol –** úsáidtear dearg chun stad agus baol a thaispeáint i mórán áiteanna, an féidir leat iad seo a fháil i leabhair nó bhfógraí sa cheantar ina bhfuil tú i do chónaí?

**Bain triail as mórán hataí agus cochaill éagsúla –** an gcuireann ceann ar bith acu cosc ort a fheiceáil go soiléir? Cad iad na cinn atá sábháilte chun caitheamh nuair atá tú ag dul trasna an bóthar?

## Amhráin

Ag an gcolbha (fonn: Frére Jacques)

Feicim trácht, feicim trácht,
An bhfeiceann tú? An bhfeiceann tú?
Gluaisteáin 's veaineanna,
Rothair agus leoraithe,
Ag brostú thart , ag brostú thart.


Cloisim bonnáin, cloisim bonnáin,
An gcloiseann tú? An gcloiseann tú?
Na bonnáin go léir, na bonnáin go léir.
Honk, Honk, Honk,
Honk, Honk, Honk.

Buachaillí 's cailíní, Buachaillí 's cailíní,
Mamanna 's Daidithe, Mamanna 's Daidithe,
Daoine i ngach áit, daoine i ngach áit,
Stad ag an gcolbha, stad ag an gcolbha

Trasrian Síogach (fonn: An Tor Maoildeirge)

Seo an slí a stopann muid,
Ag an gcolbha, ag an gcolbha,
Seo an slí a stopann muid,
Ag an trasrian síogach

Seo an slí a bhfeicimid thart,
A bhfeicimid thart, a bhfeicimid thart,
Seo an slí a bhfeicimid thart,
Ag an trasrian síogach



Seo an slí a gcloiseann muid,
Le haghaidh gluaisteáin, le haghaidh gluaisteáin,
Seo and slí a gcloiseann muid,
Ag an trasrian síogach

# Téann Charlie go dtí Cóisir



## Ag tabhairt dea-shampla


Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre,

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín,
Bóthar BÁC, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.

Íosghlao: 1890 50 60 80 Teil: (096) 25000 Facs: (096) 25252
R-phost: info@rsa.ie Suíomh idirlín: www.rsa.ie


THINK!

DRIVESAFE
Greater Manchester
Casualty Reduction Partnership

RSA
Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority


deartha agus maisithe ag An Grúpa Íomhá • 0800 389 9898 • www.imagegroupuk.com